Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/2080(INL)

26.6.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

le moltaí don Choimisiún maidir le digitiú, intleacht shaorga agus bainistiú algartamach san ionad oibre – todhchaí na hoibre a mhúnlú
(2025/2080(INL))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Andrzej Buła

(Tionscnamh – Riail 47 de na Rialacha Nós Imeachta)

PR_INL

CLAR

Leathanach

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ I dTAOBH INNEACHAR AN TOGRA ARNA IARRAIDH.....10

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN.....18

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 20

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

le moltaí don Choimisiún maidir le digitiú, intleacht shaorga agus bainistiú algartamach san ionad oibre – todhchaí na hoibre a mhúnlú
(2025/2080(INL))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlí atá beartaithe,

– ag féachaint do threoirlínte polaitiúla Uachtarán an Choimisiúin an 18 Iúil 2024 dar teideal 'Rogha na hEorpa: Treoirlínte Polaitiúla don Chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029',

– ag féachaint do theachtaireacht an 5 Márta 2025 ón gCoimisiún ar 'Aontas na Scileanna',

– ag féachaint do Threoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (Treoir Réime)[1],

– ag féachaint do Threoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo - Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hionadaíocht fostaithe[2],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach[3],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/2831 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin[4],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

---

[1] Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).
[2] Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo - Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hionadaíocht fostaithe (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29).
[3] Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105).
[4] Treoir (AE) 2024/2831 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L, 2024/2831, 11.11.2024. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2831/oj).

gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)[5],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Bealtaine 2023 maidir le treochlár le haghaidh Eoraip shóisialta – 2 bhliain tar éis Chruinniú Mullaigh Sóisialta Porto (2023/2586(RSP)),

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Márta 2025 maidir le gnéithe sóisialta agus fostaíochta na bpróiseas athstruchtúraithe: an gá atá le poist agus cearta oibrithe a chosaint (2024/2829(RSP)),

– ag féachaint do rún uaithi an 11 Márta 2025 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus tar éis 2027 (2024/2077(INI)),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar ‘Intleacht shaorga atá chun tairbhe don oibrí’ (SOC/803),

– ag féachaint do thuarascáil Draghi agus tuarascáil Letta,

– ag féachaint don tuarascáil chríochnaitheach ón staidéar a choimisiúnaigh an Coimisiún Eorpach dar teideal Study exploring the context, challenges, opportunities, and trends in algorithmic management [Staidéar lena bhfiosraítear an comhthéacs, na dúshláin, na deiseanna agus na treochtaí i mbainistiú algartamach] (VT-2022-035),

– ag féachaint don Mheasúnú Breisluacha Eorpaigh an xxx 2025 [atá le teacht] dar teideal ‘Digitiú, intleacht shaorga agus bainistiú algartamach san ionad oibre – todhchaí na hoibre a mhúnlú’

– ag féachaint do Riail 47 agus do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

[5] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) PE/24/2024/REV/1 (IO L 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

[6] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil an t-aistriú digiteach, arna spreagadh ag an digitiú, an t-uathoibriú agus an intleacht shaorga (IS), ag athmhúnlú margaí saothair ó bhonn, rud a fhágann go bhfuil roinnt post imithe i léig agus go bhfuil poist nua ag teacht chun cinn, agus go bhfuil cineál na gcúraimí sna cinn atá ann cheana á n-athrú aige, rud a éilíonn oiriúnú leanúnach do ghnólachtaí agus d'oibrithe;

B. de bhrí gur cheart an t-aistriú digiteach san ionad oibre a stiúradh ar bhealach lena bhfeabhsaítear táirgiúlacht, nuálaíocht agus iomaíochas gheilleagar na hEorpa agus an chómhargaidh; de bhrí nach mór don aistriú sin seasamh le prionsabail an dul chun cinn shóisialta ag an am céanna, lena n-áiritheofar go rannchuideoidh sé le dálaí oibre níos fearr, le fostaíocht ardcháilíochta, agus le folláine na n-oibrithe uile;

C. de bhrí go bhfuil an t-aistriú digiteach i margadh an tsaothair ag spreagadh éileamh méadaitheach ar scileanna digiteacha agus IS bunúsacha agus ardleibhéil araon;

D. de bhrí nach bhfuil oiliúint leordhóthanach ag teacht le comhtháthú tapa chórais IS, agus nach raibh ach 15 % d'oibrithe rannpháirteach in oiliúint ábhartha in 2023 agus go n-aithníonn 42 % d'oibrithe gur gá feabhas a chur ar a gcuid scileanna a bhaineann le IS agus go gceapann 61 % díobh go mbeidh riachtanais scileanna nua ann sna 5 bliana amach romhainn; de bhrí gurb iad na daoine is mó a bhfuil gá acu le hoiliúint i scileanna digiteacha na daoine is lú seans go nglacfaidh siad páirt inti[7];

E. de bhrí go bhfuil oiriúnú na gcóras oideachais, lena n-áirítear earnáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET), bunriachtanach chun na scileanna is gá a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun go mbeidh rath orthu i sochaí iomaíoch, dhigiteach agus atá chun tosaigh ó thaobh na teicneolaíochta de;

F. de bhrí go gcuireann IS agus bainistiú algartamach go leor deiseanna ar fáil chun an obair a bharrfheabhsú, sláinte agus sábháilteacht fheabhsaithe ag an obair chomh maith le sásamh fostaithe, ach go mbaineann rioscaí áirithe leo freisin; de bhrí gur féidir le húsáid IS agus bainistiú algartamach cúraimí troma agus an t-ualach oibre foriomlán a laghdú, leithdháileadh cúraimí agus táirgiúlacht a fheabhsú, cosc a chur ar rioscaí ceirde agus ciorruithe costais a thabhairt isteach;

G. de bhrí go bhfuil sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann leis an obair a eascraíonn as IS agus as bainistiú algartamach amhail brú ama agus feidhmíochta, diansaothrú oibre, faireachán agus faireachas chomh maith le himeallú sóisialta agus strus;

H. de bhrí go bhfuil bailiú agus próiseáil líon mór sonraí fostaithe i gceist le cur in úsáid IS agus córas bainistithe algartamaigh san ionad oibre, ar féidir leis a bheith ina ábhar imní maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas agus ar féidir leis dícheall cuí a éileamh ina bhainistiú;

I. de bhrí go meastar go n-úsáideann níos mó ná an ceathrú cuid de chuideachtaí san Aontas cineál amháin bainistithe algartamaigh ar a laghad; de bhrí gur dócha go

[7]https://www.cedefop.europa.eu/ga/publications/9201

dtiocfaidh méadú suntasach ar ghlacadh an bhainistithe algartamaigh sna blianta amach romhainn[8];

J. de bhrí go bhfuil dearcadh dearfach ag 62 % de mhuintir na hEorpa ar úsáid róbat agus IS san ionad oibre[9]; de bhrí go bhfuil an cur chuige dearfach sin maidir le húsáid teicneolaíochtaí nua san ionad oibre níos forleithne i measc na hóige, na n-oibrithe agus na ndaoine sin a bhfuil leibhéal oideachais níos airde acu[10];

K. de bhrí go gcuireann comhairliúchán agus rannpháirtíocht bainisteoirí, chomh maith le fostaithe agus a n-ionadaithe i nglacadh teicneolaíochtaí nua go mór le glacadh agus dearcthaí dearfacha ina leith, go n-uasmhéadaítear na tairbhí agus go dtugtar aghaidh ar rioscaí na dteicneolaíochtaí sin san ionad oibre;

L. de bhrí go dtacaíonn formhór mhuintir na hEorpa le rialacha maidir le teicneolaíochtaí digiteacha san ionad oibre, le níos mó ná 80 % ag tacú le rialacha maidir le príobháideachas oibrithe a chosaint agus 77 % ag tacú le rannpháirtíocht oibrithe i ndearadh agus in oiriúnú na teicneolaíochta[11];

1. ag cur béim ar an bhfíoras go ndéanfar gach teicneolaíocht nua a imscaradh agus a úsáid leis an sprioc uileghabhálach freastal ar dhaoine agus go ndéanfaidh na daoine í a bhainistiú i gcomhréir leis an bprionsabal doshéanta ‘duine i gceannas’;

Oibrithe a chumhachtú le scileanna agus eolas

2. á chur i bhfáth gur féidir le teicneolaíochtaí nua san ionad oibre a bheith ina mbuntáiste iomaíoch agus go bhfuil sé cruthaithe go dtugann siad toradh níos fearr do na cuideachtaí a úsáideann iad; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur cheart cuideachtaí a spreagadh chun na teicneolaíochtaí sin a chomhtháthú ar bhealach freagrach agus trédhearcach; á chur i bhfáth gur cheart maoirseacht a dhéanamh go mion ar úsáid na dteicneolaíochtaí sin san ionad oibre seachas iad a shrianadh, agus á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, go bhfuil gá le creat rialála soiléir lena n-áiritheofar iomaíocht chóir agus lena seachnófar ilroinnt an mhargaidh aonair;

3. á aithint go bhfuil oiliúint le linn na hoibre maidir le teicneolaíochtaí nua a thugtar isteach san ionad oibre, go háirithe iad siúd a dhéanann difear díreach do chúraimí agus d’fheidhmíocht fostaithe, bunriachtanach chun folláine, sábháilteacht agus forbairt ghairmiúil oibrithe a áirithiú, chomh maith le hinoiriúnaitheacht fhoriomlán agus iomaíochas cuideachtaí a fheabhsú[12]; á chur i bhfáth nach mór dóthain ama agus tacaíochta a thabhairt d’oibrithe chun eolas a chur ar na teicneolaíochtaí sin sula n-imscarfar go hiomlán iad;

---

[8] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/5afb4511-0ddf-11f0-b1a3-01aa75ed71a1/language-ga : ‘is féidir argóint a dhéanamh go n-úsáideann níos mó ná an ceathrú cuid de chuideachtaí sna 27 mBallstát bainistiú algartamach’ ‘bunaithe ar shuirbhé Delphi, is é is dóichí go bhfásfaidh bainistiú algartamach 3 % go 6 % in aghaidh na bliana sna 10 mbliana amach romhainn’

[9] https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/3222

[10] Eorabharaiméadar, Mí na Bealtaine 2024 https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/3222

[11] https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/3222

[12] Cás-staidéir: https://healthy-workplaces.osha.europa.eu/en/media-centre/news/real-world-learnings-implementing-worker-management-through-ai

4. á chur in iúl gur geal léi tionscnamh Aontas na Scileanna; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go léireofar go hiomlán sa Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán, a bhfuiltear ag súil leis, an gá atá le huas-sciliú, athsciliú agus oiliúint leanúnach san obair maidir le IS agus bainistiú algartamach; á chur i bhfáth nach mór tacaíocht leormhaith a thabhairt do gach tionscnamh ábhartha arb é is aidhm dóibh tacú le hoibrithe agus le cuideachtaí san aistriú sin, lena n-áirítear trí acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta;

5. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról tábhachtach ag Ciste Sóisialta na hEorpa+ maidir leis an lucht saothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a ullmhú don aistriú digiteach trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna, in oiliúint agus i ndeiseanna cuimsitheacha fostaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún an Ciste a choinneáil agus a neartú tuilleadh sa tréimhse tar éis 2027 ar bhealach lena n-áiritheofar an rochtain ar uas-sciliú agus athsciliú digiteach, ionas gur féidir leis leanúint de bheith ina phríomhionstraim de chuid an Aontais chun tacú le haistriú digiteach atá cothrom agus cuimsitheach;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit faireachán rialta a dhéanamh ar an éileamh agus ar an soláthar ar mhargadh an tsaothair, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, chun na scileanna a bheidh ag teastáil amach anseo chun leas a bhaint as acmhainneacht an aistrithe dhigitigh a réamh-mheas ar bhealach níos fearr; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an togra chun Faireachlann Eorpach um Fhaisnéis Scileanna a chruthú;

7. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil úsáid IS agus córas bainistithe algartamaigh ag rannchuidiú le deireadh a chur de réir a chéile le poist ar leibhéal iontrála, a fheidhmíonn go traidisiúnta mar thairseach bhunriachtanach i margadh an tsaothair, á chur i bhfios go láidir go bhfuil an baol ann go ndéanfaidh an treocht sin difear díréireach do dhaoine óga agus do chuardaitheoirí poist céaduaire; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach do dhaoine óga atá ag teacht isteach i margadh an tsaothair agus go gcuirfear deiseanna fostaíochta fiúntacha ar fáil dóibh sa gheilleagar digiteach atá ag athrú;

Ionad oibre sábháilte agus cuimsitheach a chruthú

8. á chur i bhfáth, mar thoradh ar úsáid mhéadaitheach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha san ionad oibre, lena n-áirítear uirlisí lena gcumasaítear nascacht leanúnach chomh maith le faireachán agus faireachas fíor-ama, go bhfuil rioscaí iomadúla ann do mheabhairshláinte oibrithe trí na teorainneacha idir an saol gairmiúil agus an saol príobháideach a dhoiléiriú; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh na forbairtí sin a bheith ina gcúis le strus iomarcach a bhaineann leis an obair, traochadh, meath ar chothromaíocht oibre is saoil agus braistint mhéadaitheach imeallaithe shóisialta;

9. á aithint go bhféadfadh bainistiú algartamach brú feidhmíochta a ardú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le rioscaí tromchúiseacha sláinte agus sábháilteachta, amhail neamhoird mhatánchnámharlaigh agus chardashoithíocha nó tnáitheadh, rud a d'fhéadfadh a fhágáil go dtabharfadh oibrithe neamhaird ar fholáirimh sábháilteachta nó neamhaird a thabhairt ar fholáirimh sábháilteachta, rud a mhéadaíonn go suntasach an

baol go dtarlódh tionóiscí san ionad oibre;

10. á chur i bhfios go láidir gur cheart aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin ar bhealach cuimsitheach agus gur cheart aon chur in úsáid nua nó athrú suntasach ar uirlisí IS nó ar chórais bainistithe algartamaigh san ionad oibre a bheith faoi réir measúnaithe sláinte agus sábháilteachta agus faireacháin leanúnaigh, ag spreagadh na mBallstát, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, treoir earnáilsonrach a fhorbairt maidir le IS a chur in úsáid go freagrach san ionad oibre agus na dea-chleachtais a mhalartú;

11. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag an idirphlé sóisialta agus ag rannpháirtíocht ghníomhach ionadaithe na bhfostaithe i gcur in úsáid IS agus teicneolaíochtaí bainistithe algartamaigh san ionad oibre; á chur i bhfáth go gcabhraíonn rannpháirtíocht fhóinteach oibrithe i bpróisis chinnteoireachta chomh maith le soláthar faisnéise agus oiliúna laistigh den obair lena áirithiú go dtuigeann oibrithe teicneolaíochtaí nua agus go mbaineann siad úsáid astu go muiníneach, lena gcothaítear braistint neamhspleáchais agus muiníne agus go mbeidh comhtháthú níos fearr IS san ionad oibre mar thoradh air;

12. á chur i bhfios go láidir gur gá freagrachtaí formhaoirseachta a shannadh go soiléir i struchtúr eagraíochtúil na n-ionad oibre a bhíonn casta go minic, lena n-áiritheofar cuntasacht, lena n-éascófar maoirseacht éifeachtach ag an duine, agus lena gcuirfear ar chumas oibrithe an pointe teagmhála daonna a shainaithint i gcás aon amhras, ábhar imní, nó gá le soiléiriú;

13. á thabhairt chun suntais go bhfuil dúshláin ar leith ann a d'fhéadfadh a bheith roimh dhaoine faoi mhíchumas, oibrithe scothaosta agus daoine leochaileacha maidir le hoiriúnú do theicneolaíochtaí nua san ionad oibre; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta tacaíochta cuimsitheacha agus saincheaptha a thabhairt isteach i dtreo a rannpháirtíochta méadaithe i margadh an tsaothair agus chun a áirithiú go mbainfidh gach duine tairbhe as dul chun cinn teicneolaíoch;

14. á iarraidh ar na Ballstáit cóiríocht réasúnta éifeachtach a ráthú do dhaoine faoi mhíchumas trína n-údarás deiridh a urramú chun a chinneadh an gcomhlíonann teicneolaíochtaí cúnta IS-bhunaithe san ionad oibre a riachtanais aonair;

Timpeallacht rialála a sheasfaidh an aimsir a áirithiú

15. á chur i bhfáth, má tá sé mar aidhm ag an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú digiteach, nach mór dó dea-shampla a thabhairt maidir le hardchaighdeáin a leagan síos chun IS a chur in úsáid i dtimpeallachtaí oibre, lena n-áirítear rialacha soiléire maidir le trédhearcacht agus formhaoirseacht dhaonna; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, Treoir (AE)2024/2831 maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin, ar céad chéim thábhachtach í chun bainistiú algartamach a rialáil trí, *inter alia*, oibleagáidí trédhearcachta a thabhairt isteach in earnálacha ina bhfuil na teicneolaíochtaí sin ag múnlú cinntí maidir le hobair agus cearta oibrithe níos mó;

16. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na fostóirí an ceart chun dícheangail a aithint agus a chur chun feidhme go héifeachtach mar choimirce bhunúsach chun oibrithe a chosaint ar bheith inrochtana go buan nó ar fhaireachán a dhéanamh orthu lasmuigh d'uaireanta oibre comhaontaithe;

17. á chur i bhfios go láidir go n-ardaíonn úsáid mhéadaitheach IS agus bainistiú algartamach san ionad oibre an iliomad dúshlán maidir le sonraí pearsanta agus príobháideachas fostaithe a chosaint, rud a éilíonn breithniú cúramach agus freagairtí rialála iomchuí;

18. á aithint go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh chuideachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), maidir le dul i ngleic le timpeallacht rialála atá ag éirí níos casta; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar aon reachtaíocht a bheidh ann amach anseo a bhaineann le bainistiú algartamach a dhearadh agus é mar chuspóir soiléir aici comhlíonadh a shimpliú agus a éascú, ag cur béim ar an ngá le treoir, uirlisí agus sásraí tacaíochta saincheaptha chun cabhrú le FBManna ceanglais nua a thuiscint agus a chur chun feidhme go héifeachtach;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar bhonn Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153 (1), pointe (b), agus Airteagal 16(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, togra le haghaidh Treoir maidir le bainistiú algartamach san ionad oibre a thíolacadh, ag leanúint na moltaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo;

20. á mheas gur cheart aon impleachtaí airgeadais a bheadh ag na tograí atá iarrtha a chumhdach leis na leithdháiltí buiséadacha atá ann cheana;

21. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus na moltaí a ghabhann leis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle, agus chuig parlaimintí agus rialtais na mBallstát.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ I dTAOBH INNEACHAR AN TOGRA ARNA IARRAIDH

TÉACS AN TOGRA REACHTAIGH ARNA IARRADH

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

ar bhainistiú algartamach san ionad oibre

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (b), agus Airteagal 16(2) de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá dúshláin thrasearnálacha ag baint le scála, doimhneacht agus luas tapa an chlaochlaithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, agus leis an tionchar ollmhór atá aige ar phatrúin oibre, ar dúshláin iad a théann thar theorainneacha náisiúnta agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais.

(2) Ba cheart córais bainistithe algartamaigh a thuiscint mar uirlisí agus cumasóirí a fhreastalaíonn ar fhostóirí agus ar oibrithe araon trí éifeachtúlacht a fheabhsú, cinnteoireacht a éascú, agus tacú le heagrú oibre níos fearr. Nuair a úsáidtear na córais sin ar bhealach freagrach agus trédhearcach, is féidir leo cur le cleachtais san ionad oibre atá níos cothroime agus níos eolasaí. Trí na córais sin a chur in úsáid go cúramach faoi shraith choiteann rialacha de chuid an Aontais, ba cheart leas a bhaint as a n-acmhainneacht lena n-áirithítear cur chun feidhme ar bhealach a sheasann le cearta bunúsacha, a chothaíonn muinín agus a chuireann folláine fhoriomlán na n-oibrithe chun cinn.

(3) Mar gheall ar easpa tuisceana soiléire ar fheidhmiú na gcóras bainistithe algartamaigh, cuirtear bac ar oibrithe a gcearta sonraí a dhearbhú go héifeachtach, rud a threisíonn a

[1] IO ...
[2] IO ...
[3] Seasamh Pharlaimint na hEorpa ...

thuilleadh an éagothroime cumhachta i bhfabhar an fhostóra. Tá fianaise ann go gcuireann rannpháirtíocht oibrithe agus a n-ionadaithe i gcomhairliúcháin feabhas ar fheidhmíocht agus ar dhálaí oibre araon[4].

(4) Is céim shuntasach chun cinn é an Gníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córais intleachta saorga ardriosca a rialáil, ach mar sin féin ní leor fós é chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na dúshláin a bhaineann le bainistiú algartamach san ionad oibre. Cé go n-aicmítear ann uirlisí intleachta saorga a bhaineann leis an obair mar uirlisí ardriosca, dírítear go príomha ar chur ar an margadh, sábháilteacht táirgí, agus oibleagáidí comhlíontachta do sholáthraithe agus d'úsáideoirí, agus ní ar an gcaidreamh idir fostóir agus oibrithe. Thairis sin, níl feidhm ag an nGníomh um an Intleacht Shaorga maidir le córais bainistithe algartamaigh nach bhfuil IS-bhunaithe, rud a fhágann bearna rialála maidir le haghaidh a thabhairt ar thionchar níos leithne na n-uirlisí bainistíochta digití ar chearta oibrithe, ar dhálaí oibre agus ar an idirphlé sóisialta.

(5) Téann Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] [an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí] siar go 2016 agus níor ceapadh go sonrach é chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith a bhaineann le cosaint sonraí san ionad oibre, agus ó shin i leith tá éabhlóid shuntasach tagtha ar réaltachtaí teicneolaíochta agus ionaid oibre, rud a fhágann gur gá forálacha cosanta sonraí is infheidhme maidir le fostaíocht a thabhairt cothrom le dáta agus a threisiú, toisc go bhfágann sé faoi láthair gur féidir léirmhíniú a dhéanamh air. Ní dhéantar foráil in Airteagal 15(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2016/679, lena leagtar síos na ceanglais trédhearcachta maidir le próiseáil sonraí agus na teorainneacha a bhaineann léi, ach amháin maidir le toirmisc shoiléire i gcás próisis chinnteoireachta lán-uathoibrithe, nach leor iad, dá bhrí sin, i bhformhór na gcomhthéacsanna a bhaineann le fostaíocht. Thairis sin, glactar cur chuige indibhidiúlach le Rialachán (AE) 2016/679 agus ní dheonaítear cearta comhchoiteanna leis. Ó tháinig Rialachán (AE) 2016/679 i bhfeidhm, níor cuireadh Airteagal 88 maidir le cosaint sonraí pearsanta oibrithe chun feidhme go maith agus tá sé fós neamhéifeachtach den chuid is mó i mbeagnach gach Ballstát [6].

(6) Ní sholáthraítear le Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] [an Treoir maidir le Faisnéis agus Comhairliúchán] ach faisnéis ghinearálta maidir leis an gceart comhchoiteann chun comhairliúcháin agus ní luaitear go sainráite i dTreoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019[8]

---

[4] ECFE 2023. https://www.oecd.org/en/publications/the-impact-of-ai-on-the-workplace-main-findings-from-the-oecd-ai-surveys-of-employers-and-workers_ea0a0fe1-en.html; https://www.eurofound.europa.eu/en/publications/2020/european-company-survey-2019-workplace-practices-unlocking-employee-potential;

[5] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[6] Abraha H. (2023), Article 88 GDPR and the Interplay between EU and Member State Employee Data protection rules [Airteagal 88 RGCS agus an Idirghníomhú idir rialacha an Aontais agus na mBallstát maidir le cosaint sonraí fostaithe], The Modern Law Review

[7] Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo - Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hionadaíocht fostaithe (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29).

[8] Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí

[an Treoir maidir le Dálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha] an ceart chun faisnéise maidir le córais bainistithe algartamaigh agus níl sí sonrach go leor chun aghaidh a thabhairt ar chastacht an chórais bainistithe algartamaigh. Ní ráthaítear leis na treoracha sin ceart na n-oibrithe chun faisnéise maidir le feidhmiú, loighic ná tionchar na gcóras algartamach ar a n-eagrú oibre agus ar a meastóireacht agus ní bhíonn oibrithe rannpháirteach iontu.

(7) Tá thart ar 20 milliún duine féinfhostaithe aonair san Aontas, arb ionann iad agus beagnach 10 % den lucht saothair[9]. Níl rochtain acu ar chosaint shóisialta iomlán ach tá siad faoi réir cinnteoireacht uathoibrithe, faireacháin agus meastóireachta feidhmíochta freisin. Chun cothroime a áirithiú, agus dúshaothrú a chosc, i ngach cineál oibre nua-aimseartha, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treorach seo maidir le daoine féinfhostaithe aonair.

(8) Leis an Treoir seo, ba cheart íoschaighdeáin choiteanna de chuid an Aontais a bhunú maidir le bainistiú algartamach a úsáid san ionad oibre, lena n-áiritheofar trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe ar fud na mBallstát. Trí chothrom iomaíochta a chruthú do gach cuideachta, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an treoir tacú le glacadh cothrom agus freagrach uirlisí bainistithe algartamaigh. Ina theannta sin, feabhsóidh sé soiléireacht agus intuarthacht d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe aonair, rud a shaibhreoidh a dtaithí oibre, a chothóidh muinín i dteicneolaíochtaí digiteacha, agus a chuideoidh leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cinnteoireacht algartamach i gcomhthéacsanna fostaíochta a mhaolú,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Treoir seo íoscheanglais maidir le húsáid thrédhearcach an bhainistithe algartamaigh san ionad oibre.

2. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le gach oibrí agus fostóir san Aontas chomh maith le daoine féinfhostaithe aonair agus na soláthróirí ábhartha seirbhísí.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'bainistiú algartamach' córais uathoibrithe a úsáid chun faireachán, maoirseacht, meastóireacht, nó tacú le cinntí a dhéanamh trí mheán leictreonach maidir

---

oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105).
[9]https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/-/DDN-20200615-1?utm_source=chatgpt.com&etrans=ga

le feidhmíocht oibre agus dálaí oibre oibrithe, lena n-áirítear córais a phróiseálann sonraí pearsanta chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí laistigh den timpeallacht oibre, chomh maith le córais a dhéanann cinntí nó a thacaíonn le cinntí a dhéanann difear suntasach d'oibrithe nó do dhaoine féinfhostaithe aonair, amhail sannacháin oibre a eagrú, tuilleamh, sábháilteacht agus sláinte, am oibre, rochtain ar oiliúint, ardú céime, agus stádas conarthach;

2. ciallaíonn 'oibrí' duine a meastar conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta a bheith aige mar a shainmhínítear i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta, lena n-áirítear comhaontuithe comhchoiteanna agus cleachtas náisiúnta;

3. ciallaíonn 'duine féinfhostaithe aonair' duine nach bhfuil aon chonradh fostaíochta ná caidreamh fostaíochta aige nó aici, agus a bhraitheann go príomha ar a shaothar pearsanta féin chun na seirbhísí lena mbaineann a sholáthar;

4. ciallaíonn 'fostóir' an duine nádúrtha nó dlítheanach is páirtí i gconarthaí fostaíochta nó i gcaidreamh fostaíochta le hoibrithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta;

5. ciallaíonn 'soláthróir seirbhísí' duine nádúrtha nó dlítheanach ar páirtí é i gcomhaontú conarthach le duine féinfhostaithe aonair chun seirbhísí sonracha nó cúraimí sonracha a sholáthar.

Airteagal 3

Trédhearcacht agus ceart chun faisnéise

1. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh fostóirí agus soláthróirí seirbhísí, faoi seach, dá n-oibrithe agus do na daoine féinfhostaithe aonair lena bhfuil conradh acu, agus dá n-ionadaithe, faisnéis, i scríbhinn, maidir le húsáid nó úsáid bheartaithe córas le haghaidh bainistiú algartamach san ionad oibre.

2. Áireofar leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1:

   (a) ráiteas soiléir go bhfuil córais bainistithe algartamaigh in úsáid nó go bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt isteach, lena n-áirítear tuairisc ghinearálta ar a gcuspóir;

   (b) na catagóirí sonraí arna mbailiú agus arna bpróiseáil ag na córais sin i ndáil leis na hoibrithe nó na daoine féinfhostaithe aonair, lena n-áirítear a sonraí iompraíochta agus sonraí a bhaineann le feidhmíocht, chomh maith leis na cineálacha gníomhartha nó gníomhaíochtaí a ndéantar faireachán orthu;

   (c) léiriú soiléir ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear na sonraí a bhailítear chun cinnteoireacht uathoibrithe a dhéanamh, agus, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar chineál agus ar raon feidhme na gcinntí sin.

3. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil ag na hamanna seo a leanas:

   (a) ar an gcéad lá oibre, nó roimhe, d'oibrithe agus ar an gcéad lá den chonradh leis na daoine féinfhostaithe aonair;

(b) sula dtabharfar isteach athruithe a dhéanann difear suntasach do dhálaí oibre, eagrú na hoibre nó faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na hoibre;

(c) tráth ar bith arna iarraidh sin.

4. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil ar bhealach achomair agus soiléir a bheidh éasca le tuiscint. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh fostóirí agus soláthróirí seirbhísí an fhaisnéis ar bhealach atá oiriúnaithe don leibhéal litearthachta digití a bhfuiltear ag súil leis go réasúnta go dtuigfidh na hoibrithe nó na daoine féinfhostaithe aonair í, agus go seachnóidh sé úsáid teanga atá teicniúil nó casta gan ghá.

Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i bhformáidí atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

5. Beidh soláthar faisnéise de bhun an Airteagail seo teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach don oibrí nó don duine féinfhostaithe aonair chun a gcuid oibre a dhéanamh, chun tuiscint a fháil ar an tionchar a imríonn córais algartamacha ar chinntí a dhéanann difear dóibh, agus chun a gcearta a fheidhmiú.

Airteagal 4

Comhairliúchán

1. Áiritheoidh na Ballstáit go measfar cur in úsáid córas nua bainistithe algartamaigh, nó nuashonruithe den sórt sin ar chórais atá ann cheana, a dhéanann difear díreach do luach saothair, socruithe oibre nó am oibre oibrithe, a bheith ina gcinntí ar dócha go mbeidh athruithe substaintiúla ar eagrú na hoibre nó ar chaidreamh conarthach mar thoradh orthu agus, dá réir sin, go mbeidh siad faoi réir comhairliúcháin de bhun Airteagal 4(2), pointe (c), de Threoir 2002/14/CE.

2. Áiritheofar na nithe seo a leanas sa chomhairliúchán:

(a) na cuspóirí atá taobh thiar den chur in úsáid nó den nuashonrú agus na próisis oibre agus na hoibrithe a ndéantar difear dóibh;

(b) athruithe ar an ualach oibre, déine na hoibre, sceidealú, am oibre, solúbthacht, nó ábhar poist;

(c) éifeachtaí ar shláinte agus sábháilteacht ceirde;

(d) na cineálacha sonraí a bhailítear;

(e) bearta atá i bhfeidhm chun claontacht nó toradh idirdhealaitheach a bhrath agus a mhaolú;

(f) sásraí formhaoirseachta daonna;

(g) bearta oiliúna agus tacaíochta do na hoibrithe a ndéantar difear dóibh agus do na daoine féinfhostaithe aonair dá ndéantar difear.

Airteagal 5

Cleachtais a gcuirtear toirmeasc orthu

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear toirmeasc ar fhostóirí agus ar sholáthróirí seirbhísí sonraí pearsanta a phróiseáil maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) staid mhothúchánach nó shíceolaíoch oibrithe nó daoine féinfhostaithe aonair;

   (b) néarafhaireachas;

   (c) comhráite príobháideacha;

   (d) iompar oibrithe nó daoine féinfhostaithe aonair nuair nach bhfuil siad ar dualgas nó le linn dóibh a bheith i seomraí príobháideacha;

   (e) feidhmiú na gceart bunúsach a thuar, lena n-áirítear an tsaoirse comhlachais, an ceart chun cómhargála agus gníomhaíochta nó an ceart chun faisnéise agus comhairliúcháin mar a leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

   (f) tátail maidir le bunús cinioch nó eitneach, stádas imirce, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, míchumas, staid sláinte, ballraíocht i gceardchumann nó gnéaschlaonadh.

2. Ní dhéanfar aon ní sa Treoir seo a léirmhíniú mar chleachtais a cheadú a bhfuil toirmeasc orthu ar shlí eile faoi Rialachán (AE) 2016/679 nó faoi Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

Airteagal 6

Formhaoirseacht agus athbhreithniú daonna

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh fostóirí agus soláthróirí seirbhísí formhaoirseacht dhaonna éifeachtach ar bun i gcónaí ar gach córas bainistithe algartamaigh a úsáidtear san ionad oibre. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go n-ainmneoidh fostóirí agus soláthróirí seirbhísí an t-eintiteas atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar thionchar na gcóras sin, lena n-áirítear comhlíontacht na gcóras sin leis na caighdeáin dhlíthiúla, sláinte agus sábháilteachta agus eiticiúla is infheidhme, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcinntí, agus go ndéanfaidh siad oibrithe, daoine féinfhostaithe aonair, agus a n-ionadaithe, a chur ar an

[10] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) PE/24/2024/REV/1 (IO L 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

eolas faoi sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag oibrithe agus ag daoine féinfhostaithe aonair, arna iarraidh sin, míniú ó bhéal nó i scríbhinn a fháil ón bhfostóir nó ón soláthróir seirbhísí maidir le haon chinneadh a dhéanann difear do ghnéithe bunriachtanacha a bhfostaíochta nó a gcaidrimh chonarthaigh, lena n-áirítear leithdháileadh cúraimí, meastóireacht ar fheidhmíocht, sceidealú ama oibre, luach saothair, agus bearta araíonachta, i gcás ina ndearnadh aon chinneadh a bhaineann le hábhair den sórt sin nó ina raibh tionchar substaintiúil ag córas algartamach air.

   Cuirfear an míniú dá dtagraítear i mír 1 ar fáil laistigh de thréimhse réasúnach ama agus i bhformáid atá inrochtana agus sothuigthe don oibrí nó don duine féinfhostaithe aonair lena mbaineann.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar cinntí a bhaineann le tionscnamh nó foirceannadh caidrimh fostaíochta nó chonarthaigh, athnuachan nó neamh-athnuachan comhaontaithe chonarthaigh, agus aon athruithe ar luach saothair ar bhonn bainistiú algartamach amháin. Beidh cinntí den sórt sin faoi réir athbhreithniú agus cinneadh críochnaitheach ó mhaoirseoir daonna freisin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh ionadaithe oibrithe agus daoine féinfhostaithe aonair a iarraidh ar an bhfostóir nó ar an soláthróir seirbhísí athbhreithniú a thionscnamh ar fheidhmiú na gcóras bainistithe algartamaigh atá i bhfeidhm i gcás ina bhfuil údar imní ann go léiríonn na córais sin claontachtaí nó lochtanna sistéamacha nó go bhfuil siad ina mbagairt ar fholláine mheabhrach nó fhisiciúil oibrithe nó daoine féinfhostaithe aonair nó ar shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre.

Airteagal 7

Sábháilteacht agus sláinte ceirde

1. Gan dochar do Threoir 89/391/CEE agus do threoracha gaolmhara i réimse na sábháilteachta agus na sláinte ag an obair, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh fostóirí an méid seo a leanas:

   (a) meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le córas bainistithe algartamaigh dá sábháilteacht agus dá sláinte, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tionóiscí a bhaineann leis an obair, rioscaí síceasóisialta agus eirgeanamaíocha chomh maith le brú míchuí a chuirtear ar oibrithe;

   (b) measúnú a dhéanamh an bhfuil cosaintí na gcóras sin iomchuí i dtaca leis na rioscaí a shainaithnítear, i bhfianaise shaintréithe sonracha na timpeallachta oibre;

   (c) bearta iomchuí coisctheacha agus cosantacha a thabhairt isteach.

Airteagal 8

Freagrachtaí na n-údarás náisiúnta inniúil

1. Cuirfidh na Ballstáit de chúram ar a gcigireachtaí saothair faoi seach maoirseacht a dhéanamh ar úsáid shábháilte agus neamh-idirdhealaitheach córas bainistithe algartamaigh san ionad oibre.

2. Cuirfear de chúram ar na cigireachtaí saothair faireachán, rialú agus measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

   (a) sábháilteacht na gcóras algartamach a úsáidtear i gcomhthéacsanna fostaíochta, go háirithe maidir lena dtionchar ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach oibrithe;

   (b) easpa claontachta agus idirdhealaithe i ndearadh, cur in úsáid nó i feidhmiú na gcóras sin;

   (c) tionchar na gcóras bainistithe algartamaigh ar am oibre agus ar bhrú feidhmíochta a chuirtear ar oibrithe;

   (d) comhlíonadh fhorálacha ábhartha na Treorach seo agus dlí eile is infheidhme de chuid an Aontais agus an dlí náisiúnta eile is infheidhme, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht cheirde agus cóir chomhionann.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear acmhainní, cumhachtaí agus saineolas teicniúil leordhóthanach ar fáil dá gcigireachtaí saothair chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtach.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá athrú ó bhonn ag teacht ar an ionad oibre nua-aimseartha arb iad an digitiú, an t-uathoibriú agus dul chun cinn tapa na hintleachta saorga (IS) is cúis leis. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as córais bainistithe algartamaigh (AM) chun cabhrú le fostóirí maoirseacht, measúireacht agus leithdháileadh a dhéanamh ar obair, agus mar thoradh air sin tá athmhúnlú á dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar cinntí ar fud na n-earnálacha. Cé go gcuireann na teicneolaíochtaí sin deiseanna ar fáil chun éifeachtúlacht, táirgiúlacht agus dálaí oibre a fheabhsú, tugtar isteach leo freisin rioscaí agus dúshláin nua, go háirithe maidir le trédhearcacht, cuntasacht, sláinte agus sábháilteacht, agus cearta bunúsacha oibrithe. Is minic a sháraíonn luas tapa an chlaochlaithe sin cumas na gcreataí dlíthiúla atá ann cheana coimircí leordhóthanacha a sholáthar, rud a fhágann oibrithe neamhchosanta agus fostóirí neamhchinnte faoina n-oibleagáidí.

Tá an Rapóirtéir den tuairim nach mór don Aontas Eorpach céimeanna réamhghníomhacha a ghlacadh chun dul i ngleic leis an gclaochlú sin ar bhealach a thacaíonn leis an iomaíochas eacnamaíoch agus leis an dul chun cinn sóisialta araon. Ní mór cur in úsáid na gcóras bainistithe algartamaigh san ionad oibre a bheith dírithe ar an duine, urramach do chearta agus cuimsitheach trí dhearadh. Chuige sin, ní mór don Aontas Eorpach a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach oibrí agus ag gach duine féinfhostaithe aonair araon ar fhaisnéis shoiléir, ar oiliúint iomchuí, agus ar rannpháirtíocht fhóinteach i gcinntí a dhéanann difear dá saol oibre. Ag an am céanna, teastaíonn timpeallacht rialála chobhsaí agus chomhchuibhithe ó chuideachtaí, go háirithe FBManna, atá simplí, trédhearcach agus a thacaíonn leis an nuálaíocht agus leis an iomaíocht chóir.

Measann an Rapóirtéir gurb í treoir réime thiomnaithe an ionstraim dlí is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Cé go soláthraítear roinnt coimircí ábhartha leis na hionstraimí atá ann cheana amhail an Gníomh um an Intleacht Shaorga, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an Treoir maidir le Dálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha, agus an Treoir maidir le Faisnéis agus Comhairliúchán, ní thugann siad aghaidh go cuimsitheach ar na saincheisteanna sonracha a bhaineann le bainistiú algartamach sa chaidreamh idir an fostóir agus an oibrí. Le treoir, beidh an tAontas in ann na bearnaí rialála sin a dhúnadh trí íoschaighdeáin a bhunú lena n-áiritheofar deimhneacht dhlíthiúil níos fearr, lena gcothófar muinín sa teicneolaíocht, agus lena gcuirfear cothroime chun cinn i gclaochlú digiteach na hoibre.

Chuige sin, molann an Rapóirtéir treoir lena leagtar amach rialacha soiléire maidir le trédhearcacht, comhairliúchán agus formhaoirseacht dhaonna in úsáid córas bainistithe algartamaigh. Áirítear ann forálacha lena ndéantar an méid seo a leanas:

- bainistiú algartamach a shainiú agus a raon feidhme a bhunú maidir le hoibrithe agus daoine féinfhostaithe aonair araon;

- a áirithiú go bhfaighidh oibrithe faisnéis thráthúil, shoiléir agus inrochtana faoin gcaoi a bhfeidhmíonn córais algartamacha agus faoin gcaoi a ndéanann siad difear dá gcuid oibre;

- a cheangal go rachfar i gcomhairle le hionadaithe oibrithe sula dtabharfar isteach córais nua nó nuashonruithe substaintiúla a dhéanann difear do luach saothair, eagrú oibre, nó am oibre;

- cleachtais sonraí sonracha díobhálacha a thoirmeasc, amhail faireachán a dhéanamh ar stáit mhothúchánacha nó ar iompraíocht phríobháideach;

- sainordú a thabhairt go leanfaidh príomhchinntí, amhail fostú, foirceannadh, agus athruithe pá, de bheith faoi réir athbhreithnithe daonna;

- oibleagáidí sonracha sláinte agus sábháilteachta a thabhairt isteach chun brú míchuí agus rioscaí síceasóisialta a chosc;

- freagrachtaí a shannadh do chigireachtaí saothair náisiúnta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar úsáid shábháilte agus neamh-idirdhealaitheach uirlisí bainistithe algartamaigh.

Cuireann an Rapóirtéir béim ar an bhfíoras nach bhfuil sé i gceist leis an togra seo le haghaidh treorach srian a chur ar an nuálaíocht ná ualach maorlathais neamhriachtanaigh a chur ar ghnólachtaí. Os a choinne sin, trí chaighdeáin shoiléire, chomhréireacha agus a sheasfaidh an aimsir a leagan síos, tacóidh sé le comhtháthú cothrom agus éifeachtach teicneolaíochtaí nua san ionad oibre. Cuideoidh sé le cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, dul in oiriúint go muiníneach don ré dhigiteach, cothrom iomaíochta a chur chun cinn ar fud an mhargaidh inmheánaigh, agus a áirithiú go mbeidh oibrithe feistithe, cosanta agus cumhachtaithe i bhfianaise an athraithe leanúnaigh. Tríd an méid sin a dhéanamh, rannchuidíonn an treoir le margadh saothair Eorpach atá nua-aimseartha, iomaíoch agus freagrach go sóisialta a bhaint amach.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
BusinessEurope
ETUC
Move.Eu
Indeed
Cemeet
Industriall
Addeco
Eurocadres
Technology Industries Finland
Polish Confederation Lewiatan
Polish Ministry of Labour and Social Policy
Eurocommerce
Mc Donalds Poland
Valerio De Stefano, Canada Research Chair in Innovation, Law and Society, Osgoode Hall Law School, Toronto, Canada
European Disability Forum
EU-OSHA

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.